


COMHAD FÍRICÍ: EACNAMAÍOCHT BHAILE GCSE: Bia agus Cothú



Sábháilteacht Bia

Toradh foghlama

Ba chóir do dhaltá a bheith ábalta:

- Cur síos ar an chosaint a thugann na rudaí seo a leanas don tomhaltóir maidir le sábháilteacht bia:
 - an cleachtóir sláinte timpeallachta;
 - Scéim Rátála Sláinteachas Bia na Gníomhaireachta um Chaighdeán Bhia;
 - an tOrdú um Shábháilteacht Bia (Tuaisceart Éireann) 1991; agus – Rialacháin Sláinteachais Bia (Tuaisceart Éireann) 2006.

www.food.gov.uk

www.nationalcareersservice.direct.gov.uk

http://www.cieh.org/professional_development/becoming_an_ehp.html

Tá an oiread cosanta ann le tacú le tomhaltóirí maidir le sábháilteacht bia. Cuidíonn na cineálacha éagsúla cosanta linn muinín a bheith againn as an bhia a itheann muid agus as na caighdeáin sláinteachais agus sábháilteachta. Tá sé tábhachtach foghlaim faoin dóigh a gcosnaíonn na cineálacha éagsúla cosanta leis an tomhaltóir maidir le bia a choinneáil sábháilte.

Cleachtóir Sláinte Timpeallachta

Oibríonn gairmithe sláinte timpeallachta le cinntiú go bhfuil an bia a itheann muid sábháilte agus d'ardchaighdeán, le dálaí tithíochta a fheabhsú, le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta san áit oibre a chosaint agus le timpeallacht níos fearr a chruthú.

D'fhéadfadh siad a bheith fostaithe ag sraith ollmhargáí le sábháilteacht agus sláinteachas bia a bhainistiú, ag cumann tithíochta le comhairle a thabhairt ar chaighdeáin tithíochta, nó ag údarás áitiúil le déileáil le nús torainn nó truailiú na timpeallachta nó roinnt ról éagsúil.

Tá an Cleachtóir Sláinte Timpeallachta údaraithe ag an chomhairle ábhartha le reachtaíocht maidir le sábháilteacht bia a chur i bhfeidhm. Bíonn siad ag déileáil go sonrach le cúrsaí sláinte maidir le bia agus deoch atá mí-oiriúnach don duine. Is féidir go ndéanfaí iniúchadh ar áitreabh bia in am ar bith gan rabhadh agus d'fhéadfaí fógra feabhsúcháin a thabhairt nó iad a dhruidim. Tabharfaidh sé/sí comhairle le cuidiú le gnólachtaí bia reachtaíocht maidir le sábháilteacht bia a chomhlíonadh.

Beart a dhéanamh

Is féidir le hiniúcháirí 'gníomh forfheidhmiúcháin' a dhéanamh nuair a shíleann siad go bhfuil gá leis, ar mhaithe leis an phobal a chosaint. Mar shampla:

- taifid a iniúchadh;
- samplaí agus grianghraif de bhia a ghlacadh;

- scríobh go neamhfhoirmiúil, ag iarraidh fadhbanna ar bith a réiteach;
- bianna a bhfuil amhras fúthu a choinneáil nó a ghabháil.

Is féidir leo fosta fógra a sheirbheáil.

Tá trí phríomhchineál fógra ann:

1. 'Fógra feabhsúcháin sláinteachais' nó 'fógra feabhsúcháin lipéadú bia' –

Leagann sé amach na nithe áirithe is gá a dhéanamh má tá an gnólacht ag sárú an dlí.

2. 'Fógra toirmisc éigeandála sláinteachais' –

Coisceann sé próiseas, áitreabh nó trealamh áirithe a úsáid agus caithfidh cúirt é a dhearbhu.

3. 'Fógra Beartaíocht Cheartaitheach' –

Coisceann sé próiseas, áitreabh nó trealamh áirithe a úsáid, nó leagann sé síos coinníollacha faoin dóigh le próiseas a leagan amach. Tá sé cosúil le fógra toirmisc éigeandála sláinteachais, ach ní gá é a dhearbhu i gcúirt. (Ní bhaineann an cineál seo fógra ach le gnólachtaí faofa i Sasana, agus is féidir é a úsáid d'aon ghnólachtaí bia sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart Éireann agus in Albain.)

<https://www.food.gov.uk/business-industry/hygieneratings/food-law-inspections>

Scéim Rátála Sláinteachas Bia na Gníomhaireachta um Caighdeáin Bhia

Source: <http://www.food.gov.uk/multimedia/hygiene-rating-schemes/ratings-find-out-more-en>

Faisnéis Chúlra

Cuidíonn an Scéim Rátála Sláinteachas Bia (FHRS) i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann le tomhaltóirí roghnú cá háit le hithe amuigh nó le siopadóireacht ann trí fhaisnéis a thabhairt dóibh faoi na caighdeáin sláinteachais i mbialanna, bialanna gasta agus siopaí bia.

Cuidíonn an scéim le tomhaltóirí roghnú cá háit le hithe amuigh nó le siopadóireacht le haghaidh bia trí fhaisnéis a thabhairt faoi na caighdeáin sláinteachais i mbialanna, tithe tábhairne, caiféanna, bialanna gasta, óstáin agus áiteanna eile ina n-itheann siad, chomh maith le hollmhargaí agus siopaí bia eile.

Is féidir go mbeadh sé deacair caighdeáin sláinteachais a mheas ar a gcosúlacht amháin agus dá bhrí sin tá an rátáil mar chuidiú le barúil a thabhairt dúinn ar cad é atá ag dul ar aghaidh sa chistin nó ar chúl doirse druidte. Chomh maith leis seo tá an scéim ina spreagadh do ghnólachtaí lena gcaighdeáin sláinteachais a fheabhsú.

Cad é mar a oibrítear rátáil sláinteachais amach?

Déanann oifigeach sábháilteacht bia iniúchadh ar ghnólacht le seiceáil an gcomhlíonann sé riachtanais dlí maidir le sláinteachas bia. Tagann an t-oifigeach ó údarás áitiúil ina bhfuil an gnólacht lonnaithe. Déanann an t-oifigeach sábháilteacht bia atá i mbun iniúchadh ar an ghnólacht seiceáil ar cé chomh maith agus atá an gnólacht ag comhlíonadh an dlí trí fhiosrú a dhéanamh ar:

- **cé chomh sláinteach agus a láimhseáiltear an bia** – cad é mar atá sé á ullmhú, á chócaráil, á atéamh, á fhuarú agus á stóráil.
- **an bhail atá ar struchtúr na bhfoirgneamh** – glaineacht, leagan amach, soilsiú, aeráil agus saoráidí eile.
- **cad é mar a bhainistíonn agus a thairfeadann an gnólacht an méid a dhéanann sé le cinntiú go bhfuil bia sábháilte.**

Tá gach ceann de na trí ghné seo riachtanach le cinntiú go gcomhlíonann caighdeáin sláinteachais bia na riachtanais agus go bhfuil an bia a riartar agus a dhíoltar sábháilte le hithe.

Ansin déantar na caighdeáin sláinteachais a fuarthas ag am an iniúchta a rátáil ar scála. Ag bun an scála tá '0' – ciallaíonn seo go bhfuil géarghá le feabhsúchán. Ag barr an scála tá '5' – ciallaíonn seo go bhfuil na caighdeáin sláinteachais an-mhaith. Ba chóir do ghnólacht ar bith bheith in ann an rátáil ard seo a bhaint amach.

Cad a chiallaíonn na rátálacha éagsúla?



Léiríonn an rátáil a thugtar cé chomh maith agus atá ag éirí leis an ghnólacht go ginearálta ach fosta cuireann sé san áireamh an ghné nó na gnéithe is mó atá le feabhsú agus fosta leibhéal an riosca atá ag na gnéithe seo do shláinte an phobail. Seo cionn is go n-éireoidh go maith le gnólachtaí éagsúla i réimsí áirithe agus ní chomh maith sin i réimsí eile ach tá gá le gach ceann de na trí ghné a iniúchtar lena chinntiú go gcomhlíonann caighdeáin sláinteachais bia na riachtanais agus go bhfuil an bia a riartar nó a dhíoltar sábháilte le hithe.

Leis an rátáil is airde '5' a fháil, caithfidh go n-éireoidh go maith le gnólachtaí i ngach ceann de na trí ghné.

Gach seans go bhfuil na cinn a fuair rátáil '0' ag feidhmiú go holc i ngach ceann de na trí ghné agus is dócha nach scéal nua é fadhbanna tromchúiseacha a bheith acu. Is féidir mar shampla, nach mbeadh go leor glantacháin agus díghalrúcháin ann, agus is féidir nach mbeadh córas sásúil bainistíochta ann le seiceáil agus taifeadadh a dhéanamh ar an méid a dhéanann an gnólacht lena chinntiú go bhfuil an bia sábháilte.

Déan taighde ar an scór rátála sláinteachais bia tríd an nasc seo a chlósáil: <http://ratings.food.gov.uk> agus ainm an ghnólachta, na háite/cód poist a chur isteach.

An tOrdú um Shábháilteacht Bia (Tuaisceart Éireann) 1991

<https://www.food.gov.uk>

Cad é an tOrdú um Shábháilteacht Bia (Tuaisceart Éireann) 1991?

Is reachtaíocht leathan é an tOrdú um Shábháilteacht Bia (Tuaisceart Éireann) 1991 maidir le sábháilteacht bia agus cosaint tomhaltóirí i dtaca le bia ar fud Thuaisceart Éireann.

Cad é atá mar aidhm ag an Ordú?

Is iad príomhaidhmeanna an Ordaithe ná:

- a chinntiú go sásaíonn an bia ar fad ionchais na dtomhaltóirí i dtaca le cineál, substaint agus cáilíocht de agus nach gcuirtear i láthair go míthreorach é;
- cumhachtaí dlí a sholáthar agus cionta a bhaineann le sláinte an phobail agus leas tomhaltóirí a shonrú; agus
- le Tuaisceart Éireann a chumasú lena chuid freagrachtaí mar chuid den Ríocht Aontaithe a chomhlíonadh san Aontas Eorpach.

Cad é scóip an Ordaithe?

Clúdaíonn an tOrdú gníomhaíochtaí ar fud an tslabhra dáilte bia, ó bhuntáirgeadh trí dháileadh go miondíol agus lónadóireacht.

Cad é a thugann an tOrdú ar chomhlachtaí bia a dhéanamh?

Go hachomair, caithfidh gnólachtaí bia a chinntiú go gcomhlíonann siad an tOrdú agus gan:

- bia a dhéanamh dochrach don tsláinte;
- ag díol bia, nach bhfuil den chineál nó den tsubstaint nó den cháilíocht a éilítear, a dhéanfadh dochar don cheannaitheoir;
- ag cur síos ar bhia nó á chur i láthair go bréagach.

Príomhchionta

Cad é is ciall le ‘bia a dhéanamh dochrach don tsláinte’?

Má dhéanann duine bia dochrach don tsláinte:

- trí earra nó substaint a chur leis;
- earra nó substaint a úsáid mar chomhábhar lena ullmhú;
- aon chomhábhar a bhaint nó a thógáil amach as;
- nó á chur trí aon phróiseas nó cóireáil eile ansin tá siad ciontach as cion.

Cá huair nach bhfuil bia ‘den chineál, nó den tsubstaint, nó den cháilíocht a éilítear’?

Aon duine a dhíolann bia, nach bhfuil den chineál nó den tsubstaint nó den cháilíocht a éilítear, a dhéanfadh dochar don cheannaitheoir, tá siad ciontach as cion. Cuimsíonn “ceannaitheoir” bia custaiméir i siopa go comhlacht amháin ag ceannach ó chomhlacht eile. Is féidir duine a mheas mar “cheannaitheoir” fiú mura n-íoctar aon airgead go díreach, m.sh. duaiseanna a bhaint i gcrannchur.

Go praiticiúil:

- clúdaíonn “cineál” táirge a dhíoltar mar rud ar leith, ach ar rud eile ar fad é i ndáiríre, m.sh. cadóg a dhíoltar mar thros;
- clúdaíonn “substaint” cásanna ina mbíonn earraí coimhthíocha (m.sh. feithid) nó iarmhar dochrach sa bhia nó ina mbíonn caighdeán reachtúil nó eile ann do bhia agus ina dtiteann an tsubstaint faoina bhun, mar shampla, púdar bainne ina bhfuil an próitéin bainne faoi bhun an íosleibhéil. Socraítear an tsubstaint riachtanach do tháirgí ar leith trí chaighdeáin chomhdhéanta i rialacháin tráchtearraí a bhfuil treoir ar leith ann dóibh;
- clúdaíonn “cáilíocht” cáilíocht tráchtála, ag tagairt d’aon chaighdeáin reachtúla i dtaca le comhdhéanamh sa bhia, mar sin de, bheadh ciste stálaithe ina shampla de bhia nach mbeadh ar an cháilíocht a éilítear.

Cad é mar is féidir ‘cur síos ar bhia nó é a chur i láthair go bréagach nó go míthreorach’?

Deir an tAirteagal seo faoi dhuine ar bith a lipéadaíonn nó a fhógraíonn bia ar bhealach a chuireann síos air go bréagach, nó a lipéadaíonn, a fhógraíonn nó a chuireann bia i láthair ar bhealach míthreorach maidir lena chineál, a shubstaint nó a cháilíocht, go bhfuil sé ciontach as cion. Is féidir leis an chion tarlú nuair nach bhfuil ráitis fíor nó nuair a chuirtear pictiúir de bhia i láthair ar bhealach míthreorach. Clúdaíonn an cion chomh maith ábhar atá ceart ach a gcuirtear béim ar leith air sa dóigh a mbíonn an bharúil mhícheart ag an cheannaitheoir dá bharr.

Sampla de chás a bhféadfai bia a chur i láthair go míthreorach ná táirgí nach uachtar iad ach a chuirtear i láthair i gcartáin uachtar thraidisiúnta agus a chuirtear ar taispeáint ina measc.

Cad iad na pionóis is féidir a ghearradh faoin Ordú?

Socraíonn na cúirteanna leibhéal na bpionós ag brath ar chúinsí gach cáis, ach leagann an tOrdú síos na huaspionóis atá ar fáil do na cúirteanna.

Is féidir le cúirteanna dúiche fíneáil suas le £5,000 a ghearradh in aghaidh an chiona agus/nó téarma príosúin suas le sé mhí.

I gcás cionta faoi Airteagal 6 agus 14 den Ordú, is é £20,000 an fhíneáil uasta is féidir le cúirt dúiche a shocrú do gach cion. Tá pionóis ann fosta as bac a chur ar oifigeach údaraithe.

Na Rialacháin um Shláinteachas Bia (Tuaisceart Éireann) 2006

An reachtaíocht:

- rinne sí reachtaíocht sláinteachais bia an AE roimhe seo a nuachóiriú, a dhaingniú agus a shimpliú;
- cuireann sí rialú éifeachtach comhréireach i bhfeidhm ar fud an bhiashlabhra, ó bhuntáirgeadh go díol nó soláthar don tomhaltóir deiridh (ó 'fheirm go forc');
- dírionn sí rialú ar an méid is gá le haghaidh cosaint shláinte an phobail;
- soiléiríonn sí gurb é bia a tháirgeadh go sábháilte an phríomhfhreagracht atá ar oibreoirí gnólacht bia.

Príomhfhórála

1. Fógraí feabhsúcháin sláinteachais.
2. Orduithe toirmisc sláinteachais.
3. Fógraí agus orduithe toirmisc éigeandála sláinteachais.
4. Fógraí beartaíocht cheartaitheach agus fógraí coinneála.
5. Cionta mar gheall ar locht duine eile.
6. Cosaint in aghaidh dícheall cúí.

Tuilleadh eolais ar fáil ó: http://www.legislation.gov.uk/nisr/2006/3/pdfs/nisr_20060003_en.pdf

<https://www.food.gov.uk/sites/default/files/multimedia/pdfs/publication/hygienebooklet.pdf>

<https://www.food.gov.uk/business-industry/hygieneratings>

<http://tna.europarchive.org/20120419000433/>

<http://www.food.gov.uk/foodindustry/regulation/europeleg/eufoodhygieneleg/>

www.food.gov.uk

www.nationalcareersservice.direct.gov.uk

http://www.cieh.org/professional_development/becoming_an_ehp.html

<https://www.food.gov.uk/business-industry/hygieneratings/food-law-inspections>

